Comhaltaí an Bhoird

Lochlann Quinn
Cathaoirleach

Padraig McManus
Príomhfheidhmeannach

Brendan Byrne

John Coleman

Seán Conlan

Eoin Fahy

Garry Keegan

Georgina Kenny

Seamus Mallon

Tony Merriman

John Nugent

Bobby Yeates

Lochlann Quinn Ceapadh Lochlann Quinn ina Chathaoirleach agus ina chomhalta ar an mBord i mí Eanáir 2008. Is Cuntasóir Cairte é an tUas. Quinn a bhí ina chomhpháirtí le Arthur Andersen & Co. agus a bhí ina Chathaoirleach agus Stiúrthóir ar Allied Irish Banks. Bhí sé ina Leas-Chathaoirleach ar Glen Dimplex. Is comhalta é an tUas. Quinn ar Bhord Scoil Chéimithe Smurfit i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus tá se ina Chathaoirleach ar Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Tá an tUas. Quinn ina Chathaoirleach ar an gCoiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta agus ar an gCoiste Airgeadais.

Padraig McManus Ceapadh Pádraig McManus ina Phríomhfheidhmeannach agus ina Chomhalta den Bhord i mí Iúil 2002. Tar éis faomhadh an Aire a fháil le linn 2008 thoiligh an tUas McManus obair mar Phríomhfheidhmeannach ar feadh 3 bliana breise go dtí 2012. Tháinig sé isteach i BSL i 1973 agus chaith sé cúig bliana déag le gnóthaí idirnáisiúnta na Cuideachta go raibh sé ina dhiaidh sin ina Bhainisteoir Stiúrtha ar ESB International and ina Stiúrthóir Tráchtála ag BSL. Tá sé ina Chomhalta den Bhord ag an Irish Management Institute agus ina Iontaobhaí de Bhord Comhdhála na Stát Aontaithe.

Tá an tUasal McManus ina chomhalta den Choiste Sláinte, Sábháilteachta & Comhshaoil agus den Choiste Forbartha Gnó agus Gnó Idirnáisiúnta.

Brendan Byrne Ceapadh Brendan Byrne ar an mBord i mí Mheán Fómhair 2004. Tá an tUas Byrne ina stiúrthóir ar roinnt cuideachtaí i dtionscal na heitlíochta agus is é an Comhpháirtí Bainistíochta é ar Clear Vision Consulting trína dtugtar seirbhísí airgeadais agus pleanála straitéisí do réimse cliant in earnáil na heitlíochta. Bhí roinnt post bainistíochta sinsearacha ag an Uasal Byrne roimhe seo in Aer Lingus agus d'oibrigh sé go forleathan i réimse bhainistiú an athraithe. Is Cuntasóir Cairte é.

Tá an tUasal Byrne ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchta agus ina chomhalta den Choiste Airgeadais.

John Coleman Ceapadh John Coleman ar an mBord i mí Eanáir 2007 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977. Tháinig sé ag obair le BSL i 1979 mar Oibrí Lae i Stáisiún Giniúna an Fhéar Bháin. Tá sé ina rúnaí ar Chumann Oibrithe Lae ATGWU. Tá sé ina chathaoirleach reatha ar Bhrainse BSL ATGWU.

Tá an tUas Coleman ina chomhalta den Choiste Forbartha Gnó agus Gnó Idirnáisiúnta agus den Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil.

Seán Conlan Ceapadh Seán Conlan ar an mBord i mí Dheireadh Fómhair 2007. Is Innealtóir Leictreachais é, agus d'oibrigh sé i roinnt ról éagsúil innealtóireachta san Afraic, in Éirinn agus i roinnt tíortha san Eoraip. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Excellence Ireland (an cumann cáilíochta neamhspleách náisiúnta) ó 1994 go 2003. D'oibrigh sé chomh maith mar uachtarán ar EOQ (European Organisation for Quality). I measc na ról eile a bhí aige bhí sé ina Iontaobhaí den Irish National Hygiene Partnership, iar-chomhalta ar an mBord Náisiúnta um Chreidiúnú, agus comhalta de Chomhairle Chomhairleach an Údaráis um Shábháilteacht Bia. Tá sé ag léachtóireacht in Institiúid Teicneolaíochta Shligigh faoi láthair.

Is comhalta é an tUas. Conlan den Choiste Iniúchta agus den Choiste Margaidh & Custaiméirí.

Eoin Fahy Ceapadh Eoin Fahy ar an mBord i mí Eanáir 2001 agus athcheapadh é i mí Feabhra 2006. Tá sé ina Phríomheacnamaí ag KBC Asset Management Limited, Baile Átha Cliath, agus tá sé ina chomhalta den Choimisiún um Chánachas ó mhí Feabhra 2008.

Tá an tUasal Fahy ina chomhalta den Choiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta, den Choiste Forbartha Gnó agus Gnó Idirnáisiúnta agus den Choiste Iniúchta.

Garry Keegan Ceapadh Gary Keegan ar an mBord i mí an Mheithimh 2007. Is Stiúrthóir é de Acumen, cuideachta a shainfheidhmíonn i soláthar seirbhísí comhairliúchán poiblí do thionscadail deartha uirbigh agus bonneagair. D'oibrigh an tUas. Keegan mar chomhalta ar Bhoird de roinnt eagraíochtaí, ina measc: Temple Bar Properties, Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath, Dánlann Hugh Lane, ospidéil San Séamas, Sráid Huim agus Sráid Holles. D'oibrigh sé chomh maith mar Chomhalta den Chomhairle ar Údarás Forbartha Cheantar Dugaí Bhaile Átha Cliath. I mí Bealtaine 2007 cheap an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta é mar chomhalta den Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí.

Tá an tUas. Keegan ina Chathaoirleach ar an gCoiste Margaidh & Custaiméirí agus ina chomhalta den Choiste Rialála.

Georgina Kenny Ceapadh Georgina Kenny ar an mBord i mí Aibreáin 2000 agus athcheapadh i mí Bealtaine 2005 í. Is aturnae í Georgina Kenny atá ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Shannon Dry Cleaners. Tá Georgina Kenny ina Cathaoirleach ar an gCoiste Forbartha Gnó agus Gnó Idirnáisiúnta agus ina comhalta den Choiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta. Is ise an Comhalta Neamhspleách Sinsearach den Bhord freisin.

Seamus Mallon Ceapadh Séamus Mallon ar an mBord i mí Márta 2006. Toghadh é do Chomhairle Cheantar Ard Mhacha i 1973, do Chomhthionól Thuaisceart Éireann mar a bhí (1973-4) agus do Choinbhinsiún Thuaisceart Éireann (1975-6). Ba chomhalta de Sheanad Éireann é i 1981. Ó 1986 go 2005 ba Theachta Parlaiminte é don Iúir agus Ard Mhacha ag Westminster. Ba Leas-Cheannaire é den SDLP agus, tar éis shíniú Chomhaontú Aoine an Chéasta, ba Leas-Chéad-Aire i dTuaisceart Éireann é.

Tá an tUas Mallon ina chomhalta den Choiste Sláinte, Sábháilteachta & Comhshaoil agus den Choiste Rialála.

Tony Merriman Ceapadh Tony Merriman ar an mBord i mí Eanáir 2007 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977. Tháinig sé ag obair le BSL i 1979 mar Theicneoir Gréasáin. Chaith sé tréimhse mar oifigeach ar Ghrúpa Ceardchumann BSL.

Tá an tUas Merriman ina chathaoirleach ar an gCoiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil.

John Nugent Ceapadh John Nugent ar an mBord i mí Eanáir 2007 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977. Tháinig sé ag obair le BSL i 1967 mar Oifigeach Feidhmeannach. Ba chomhalta é de Chomhchomhairle Tionsclaíoch BSL ó 1991 go dtí 2003. Bhí sé ina Uachtarán ar Chumann Oifigeach Bhord Soláthair an Leictreachais (ESBOA) ó 2002 go dtí 2006 agus tá sé ina chomhalta faoi láthair de Bhord ESB ESOP Trustee Limited.

Tá an tUas Nugent ina chathaoirleach ar an gCoiste Rialála agus ina chomhalta den Choiste Airgeadais.

Bobby Yeates Ceapadh Bobby Yeates ar an mBord i mí Eanáir 2007 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977. Tháinig sé ag obair le BSL i 1967 agus d'oibrigh sé ar réimse gníomhaíochtaí de chuid BSL ag tosú i nDeisiúchán Seirbhíse. Faoi láthair tá sá ag obair mar Theicneoir Gréasáin. Tá sé ina Chomhalta Feidhmeannais den TEEU agus ina chomhalta den Choiste Aoisliúntas BSL chomh maith.

Tá an tUas Yeates ina chomhalta den Choiste Forbartha Gnó agus Gnó Idirnáisiúnta agus den Choiste Margaidh agus Custaiméirí.

An Fhoireann Feidhmiúcháin

Aidan O'Regan
Leas-Phríomhfheidhmeannach

Bernard Byrne
Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa

John Campion
Inbhuaine Stiúrthóir Feidhmiúcháin

Brid Horan
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Soláthar an Custaiméirí agus Seirbhísí an Grúpa

Michael McNicholas
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ESB International

Pat O'Doherty
Stiúrthóir Feidhmiúcháin Giniúint Chumhachta

John Redmond
Rúnaí Cuideachta agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin Chúrsaí Corparáideacha

John Shine
Stiúrthóir Feidhmiúcháin Gréasáin BSL

Luke Shinnors
Stiúrthóir Feidhmiúcháin Acmhainí Daonna

Aidan O'Regan Chuaigh Aidan O'Regan isteach i BSL i 1965. Ceapadh é ina Cheann Gnóthaí Rialála i mí Eanáir 1997 agus ina Leas-Phríomhfheidhmeannach i mí Eanáir 2007. Bhí sé ina Bhainisteoir ar Athrú Corparáide i rith an Athbhreithnithe ar Chostas agus Iomaíocht. Roimhe seo bhí poist bhainistíochta sinsearaí aige sna réimsí acmhainní daonna, airgeadais agus bhainistíocht tionscadal agus tá bainistíocht déanta aige ar thascanna comhairliúcháin idirnáisiúnta.

Bernard Byrne Ceapadh Bernard Byrne ina Stiúrthóir Airgeadais Grúpa i mí Eanáir 2004. Is Cuntasóir Cairte é a raibh post cheana aige mar Leas-Phríomhfheidhmeannach agus mar Stiúrthóir Airgeadais Grúpa de IWP International plc.

John Campion Ceapadh John Campion ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Inbhuaine i mí Márta 2008. Roimhe sin d'oibrigh sé mar Stiúrthíor Feidhmiúcháin, Romhainní Daona agus Gnótha Corparaidi ó mhí na Samhna 2002. Tháinig sé ag obair le BSL i 1978 agus d'oibrigh sé i roinnt ról a raibh baint acu le caidrimh thionsclaíoch agus bainistíocht phearsanra, lenar áiríodh Bainisteoir Acmhainní Daonna i nGiniúint Cumhachta. D'oibrigh sé freisin mar bhainisteoir réigiúnach i Sligeach agus i mBaile Átha Cliath. Sular ceapadh é ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin, bhí sé ina Cheannaire ar Thionscadail Ghréasáin.

Brid Horan Ceapadh Brid Horan ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Soláthar Custaiméirí agus Seirbhísí Grúpa i mí na Nollag 2006. Tháinig sí ag obair le BSL i 1997 mar Bhainisteoir Pinsean Grúpa. Ba Choimisinéir den Chúlchiste Náisiúnta Pinsean í ó bunaíodh é i 2001. Ba chomhalta boird í den Údarás Forbartha Tionscail ó 1996 go 2006. Roimh theacht chuig BSL di bhí sí i gceannas ar Chomhairleacht Pinsin & Achtúireach KPMG.

Michael McNicholas Ceapadh Michael McNicholas ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ESB International, i mí an Mheithimh 2005. Bhí sé roimhe sin i bpost an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, Giniúint Cumhachta BSL agus Soláthar Custaiméirí BSL ó mhí Iúil 2002. Roimhe sin arís bhí sé i bpoist shinsearacha sa chuideachta le Giniúint Cumhachta, Gréasáin BSL agus Soláthar BSL. Sa bhliain 1982 a tháinig sé ag obair le BSL. Tá sé ina Stiúrthóir freisin ar ESB ESOP Trustee Limited.

Pat O'Doherty Ceapadh Pat O'Doherty ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Giniúint Chumhachta BSL i mí Iúil 2005. Tháinig sé ag obair le BSL i 1981 agus d'oibrigh sé i rólanna éagsúla seirbhísí custaiméirí, bhainistíocht tionscadal agus bhainistíocht ghinearálta. Sular ceapadh é ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Gineadóireacht Cumhachta, bhí sé ina Bhainisteoir Ginearálta le Synergen. Bhí poist shinsearacha aige i nGréasáin BSL.

John Redmond Is é John Redmond Rúnaí Cuideachta agus Ceann Chúrsaí Corparáideacha. Ceapadh John Redmond ina Rúnaí Cuideachta i 2002. Roimhe sin bhí sé ina Rúnaí Cuideachta ar GPA Group plc. agus d'oibrigh sé i Seirbhís Taidhleoireachta na hÉireann.

John Shine Ceapadh John Shine ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin le Gréasáin BSL i mí na Samhna 2002 agus ina Chathaoirleach agus Stiúrthóir Bainistíochta ar Ghréasáin BSL Teoranta i mí ina Samhna 2008. Tháinig sé ag obair le BSL i 1978 agus bhí roinnt post sinsearach aige i réimsí Gréasáin, Margaíocht agus Forbairt Gnó de chuid BSL. Chaith sé roinnt blianta lasmuigh de BSL ag forbairt gnó seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta ar éirigh go maith leis, sular tháinig sé ar ais go BSL i 2002. Tá céim san Innealtóireacht Leictreach agus céim MBA aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Luke Shinnors Ceapadh Luke Shinnors ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Acmhainí Daonna, i mí Márta 2008. Roimh a cheapachán ba é Bainisteoir Grúpa, Giniúint Cumhachta. Bhí postanna bainistíochta sinsearacha eile aige i mBSL lena n-áirítear Bainisteoir, Athrú Corparáideach agus Bainisteoir Acmhainí Daonna, Gréasáin. Thainig sé ag obair le BSL sa bhliain 1973 agus tá céimeanna san Innealtóireacht Leictreach aige ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus MBS i Straitéisí Acmhainí Daonna ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.